Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Iúil 2023
(OR. en)

11794/23

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0210(COD)**

CODEC 1359
TRANS 310
MAR 98
ENV 845
ENER 444
IND 389
COMPET 758
ECO 57
RECH 352

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid san iompar muirí, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 100(2) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 8 Nollaig 2021[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

[1] 10327/1/21 REV 1 + 10327/21 ADD 1 go 3.
[2] IO C 152, 6.4.2022, lch. 145.

4. An 11 Iúil 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle[3] in ann glacadh leis.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 26/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Pholainn ag vótáil ina choinne.

6. Mura mbeidh aon chruinniú córam ag an gComhairle roimh an 26 Iúil 2023, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid san iompar muirí, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE mar a leagtar amach in PE-CONS 26/23.

7. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

[3] 11455/23.